Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 18 Feabhra 2021
(OR. en)

5907/21

LIMITE

COSI 30
ENFOPOL 59
CRIMORG 17
ENFOCUSTOM 24
JAI 159

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7704/17, 5119/2/21 REV 2 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le buanleanúint le timthriall beartais an Aontais le haghaidh coireacht idirnáisiúnta eagraithe thromchúiseach: EMPACT 2022 + |

The Standing Committee on operational cooperation on internal security (COSI) agreed on 5 October 2010 to establish an EU Policy Cycle for organised and serious international crime (EU Policy cycle) and defined the different implementation steps[1]. An initial and reduced EU Policy Cycle (2012-2013) was followed by two fully-fledged four-year EU Policy Cycles (2014-2017 and 2018-2021).

[1] 15358/10

At the end of the EU Policy Cycle/EMPACT[2], an independent evaluation is conducted that serves as an input for the next cycle. The last independent evaluation study was contracted out by the European Commission, to an independent external evaluator (Ernst & Young and RAND Europe). The final evaluation study was distributed to COSI delegates on 19 October 2020[3].

The independent evaluation concluded that the EU Policy Cycle for organised and serious international crime/EMPACT 2018-2021 is relevant, effective, increasingly efficient, coherent and provides EU added value.

In order to further strengthen EMPACT, the independent evaluation also formulated several recommendations. Following discussions at COSI SG and COSI, as well as a written consultation, most of the recommendations were included in the implementation roadmap endorsed on 17 December 2020[4].

One of the agreed recommendations is to make EMPACT a permanent instrument. Despite the fact that EMPACT is continuously growing and provides substantial operational results, it still remains a somewhat 'humble project' after 10 years of existence. Establishing EMPACT as a permanent EU cooperation instrument to fight organised and serious international crime has the potential to bring sustainability and increased visibility for EMPACT, which could lead to additional funding and increase the involvement of relevant stakeholders who may contribute to more successful joint operational results.

Pursuant to discussions at COSI and COSI SG and in line with delegations requests, the transformation of the EU Policy Cycle/EMPACT into a permanent EMPACT cycle will not drastically change the current procedure. EMPACT will continue to be a four-year cycle, with the same sequence of planning, implementation, monitoring and evaluation.

---

[2] European Multidisciplinary Platform against Criminal Threats
[3] 11992/20 + ADD 1 EU RESTRICTED
[4] 13686/2/20 REV 2

An additional important change outlined in the roadmap is the removal of the thematic Multi-Annual Strategic Plans (MASPs), that is to say the individual MASPs dedicated to the OAPs, and the establishment of one, 'General MASP' which will gather common horizontal strategic goals (CHSGs) for all OAPs. It will be designed during a workshop in June. These mandatory CHSGs will have to be implemented within each OAP. This approach will strengthen the consistency and coherence between the OAPs, as well as the multi-disciplinary and multi-agency approach. In order to ensure flexibility, the CHSGs could be tailored to the specific needs of the OAP and, if relevant, additional strategic goals could be added. In addition, some strategic elements currently included in thematic MASPs will be added to the OAPs.

Following the recommendation of the independent evaluation, delegations also agreed to replace the name 'EU Policy cycle for organised and serious international crime' with the sole acronym 'EMPACT', accompanied by an official logo, as outlined in the branding style guide. This change better reflects the overall objective of EMPACT and will simultaneously improve media communication.

Based on the above, the Presidency prepared this set of draft Council conclusions on the permanent continuation of the EU Policy Cycle for organised and serious international crime: EMPACT 2022+.

*Delegations will find in the annex the draft Council conclusions on the continuation of the EU Policy Cycle: EMPACT 2022+, having been prepared at COSI SG level (5119/2/21 REV 2). COSI delegations are invited to approve this document for subsequent adoption by the Council in March.*

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le buanleanúint le timthriall beartais an Aontais do choireacht idirnáisiúnta eagraithe thromchúiseach: EMPACT 2022+**

**MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

AG MEABHRÚ chonclúidí an 8-9 Samhain 2010 ón gComhairle maidir le Timthriall Beartais de chuid an Aontais do choireacht idirnáisiúnta eagraithe thromchúiseach a chruthú agus a chur chun feidhme, lenar bunaíodh Timthriall ilbhliantúil Beartais de chuid an Aontais[5] agus modheolaíocht shoiléir chun tosaíochtaí a leagan síos, a chur chun feidhme agus a mheasúnú maidir le comhrac na coireachta idirnáisiúnta eagraithe tromchúisí,

AG MEABHRÚ Thimthriall Beartais tosaigh laghdaithe an Aontais a cuireadh chun feidhme idir 2012 agus 2013, agus an dá Thimthriall lánfheidhme de chuid Beartais an Aontais a cuireadh chun feidhme ina dhiaidh sin idir 2014-2017[6] agus 2018-2021[7],

AG TABHAIRT DÁ hAIRE go ndearnadh meastóireacht chríochnúil i gcomhréir leis an modheolaíocht a ghabhann le Timthriall Beartais an Aontais mar cheathrú céim agus mar chéim dheireanach den timthriall sin agus gurb é an mheastóireacht sin a d’fhóin mar ionchur do thimthriall EMPACT[8],

AG TABHAIRT DÁ hAIRE tuarascáil deiridh an staidéir meastóireachta, a d’ullmhaigh meastóir seachtrach neamhspleách i ndlúthchomhar leis an ngrúpa comhairleach d’ionadaithe ó Bhallstáit an Aontais, grúpa a bunaíodh chun comhairle mhionsonraithe shaineolach a thabhairt faoi chur chun feidhme Thimthriall Beartais an Aontais. An 19 Deireadh Fómhair 2020 thíolaic an Coimisiún an staidéar meastóireachta sin, staidéar inar cumhdaíodh an tréimhse idir Márta 2017 agus Meán Fómhair 2020, agus tugadh do thoscairí COSI é an lá céanna[9],

---

[5] 15358/10
[6] 12095/13
[7] 7704/17
[8] EMPACT: an tArdán Eorpach um chomhar ildisciplíneach i gcoinne bagairtí coiriúla
[9] 11992/20

AGUS É Á ADMHÁIL AICI gurb é conclúid na meastóireachta neamhspleáiche sin go bhfuil a chuid cuspóirí á mbaint amach ag Timthriall Beartais an Aontais/EMPACT ó thaobh feabhas a chur ar an gcomhar i réimse chomhrac na coireachta idirnáisiúnta tromchúisí eagraithe, gur léir go bhfuil sé ábhartha éifeachtach comhleanúnach agus go bhfuil a éifeachtúlacht ag méadú, agus go bhfuil breisluach Eorpach á thabhairt do na Ballstáit aige trí struchtúir a chur ar fáil dóibh chun a gcuid comhair agus rannchuidithe a neartú agus muinín a chothú i measc na ngeallsealbhóirí ábhartha,

AG TABHAIRT DÁ hAIRE go bhfuil roinnt moltaí agus gníomhaíochtaí molta sa mheastóireacht neamhspleách chun Timthriall Beartais an Aontais (EMPACT 2022+) a dhéanamh níos éifeachtaí, níos éifeachtúla agus níos cuíchóirithe agus chun an t-ualach a chuirtear ar gheallsealbhóirí éagsúla a chothromú,

ÓS FEASACH DI nach mór próiseas EMPACT a fhorbairt a thuilleadh, ag tógáil ar thorthaí na meastóireachta agus ar an taithí a fuair na Ballstáit, gníomhaireachtaí, institiúidí agus comhlachtaí an Aontais mar aon le tríú comhpháirtithe ábhartha agus iad i mbun Timthriall Beartais an Aontais/EMPACT a chur chun feidhme, d'fhonn é a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí,

AG MEABHRÚ gur gné thábhachtach amháin d'éifeachtúlacht Thimthriall Beartais an Aontais/EMPACT é rannpháirteachas gníomhach agus tiomantas na mBallstát, na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí, na ngníomhaireachtaí agus na ngníomhaithe ábhartha eile, chun cur chun feidhme oibríochtúil dáiríre a áirithiú, rud a éilíonn go leor acmhainní daonna agus airgeadais, feasachta agus aitheantais,

AG CUR CHUN SUNTAIS ról tábhachtach na dtiománaithe agus na gcomhthiománaithe agus an gá comhleanúnachas a shaothrú go gníomhach i bhfeidhmiú na ról sin,

ÓS FEASACH DI nach mór an buiséad atá ar fáil faoi choinne ghníomhaíochtaí EMPACT a mhéadú agus do na gníomhaithe uile lena mbaineann an leas is fearr is féidir a bhaint as na deiseanna maoinithe uile atá ar fáil,

AG CUR I dTÁBHACHT an cur chuige comhtháite maidir le slándáil inmheánach an Aontais, lena n-áirítear bearta ó rialuithe ar theorainneacha seachtracha, póilíní, custaim agus comhar breithiúnach go bainistiú faisnéise, nuálaíocht, oiliúint, cosc agus an ghné sheachtrach den tslándáil inmheánach, chomh maith le comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí, i gcás inarb iomchuí,

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar chur chuige ildisciplíneach, ilghníomhaireachta Thimthriall Beartais an Aontais/EMPACT, ina mbíonn údaráis ábhartha na mBallstát rannpháirteach, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, mar aon le hinstitiúidí agus comhlachtaí an Aontais, gníomhaireachtaí agus gníomhaithe ábhartha eile. Tá an comhar méadaithe idir póilíní, gardaí teorann agus cósta, lucht custaim, údaráis bhreithiúnacha, riaracháin agus cánach, agus le hinstitiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais, ríthábhachtach. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chomhpháirtithe nach ó chúlra forfheidhmithe dlí iad, lena n-áirítear údaráis phoiblí eile agus an earnáil phríobháideach, mar aon le tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta,

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar an tábhacht a bhaineann le comhar éifeachtach náisiúnta idir na húdaráis ábhartha agus é á chur i bhfios aici an tábhacht a bhaineann le ról Chomhordaitheoirí Náisiúnta EMPACT chun sreabhadh faisnéise a áirithiú idir na geallsealbhóirí rannpháirteacha, mar aon le leanúnachas ról na ngníomhaithe ábhartha agus rannpháirtíocht ilghníomhaireachta ildisciplíneach chomh maith,

AG TABHAIRT DÁ hAIRE nach mór feasacht faoi EMPACT a fheabhsú i measc lucht déanta cinntí, cleachtóirí forfheidhmithe dlí agus geallsealbhóirí ábhartha eile ar an leibhéal náisiúnta, mar is ar an dóigh sin a rannchuideofaí le EMPACT a ailíniú níos fearr le pleanáil náisiúnta,

ÓS FEASACH DI nach mór sainiúlacht, infheictheacht agus cumarsáid EMPACT a neartú chun béim a leagan ar rannchuidiú EMPACT le comhrac na coireachta idirnáisiúnta eagraithe tromchúisí,

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar an ngné sheachtrach den tslándáil inmheánach agus ar an tábhacht a bhaineann le comhar le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus comhpháirtithe ábhartha a fhorbairt tuilleadh agus gníomhaíochtaí seachtracha an Aontais á gcur san áireamh, i gcur chun feidhme oibríochtúil EMPACT,

AG TABHAIRT DÁ hAIRE go bhfuil méadú ag teacht ar chineál trasghearrtha na coiriúlachta agus gur gá an comhar agus an comhordú trastosaíochta a neartú,

AG TABHAIRT DÁ hAIRE an buntáiste a fhaightear nuair a úsáidtear teicneolaíochtaí nua-aimseartha, trínar féidir bainistiú faisnéise feabhsaithe a chumasú agus forbairtí tábhachtacha féideartha a éascú i gcomhrac na coireachta eagraithe tromchúisí,

Agus BÉIM Á LEAGAN AICI nach mór EMPACT a chomhtháthú le beartais agus straitéisí ábhartha agus, lena chois sin, ailíniú a áirithiú agus dúbláil a sheachaint, lena n-áirítear i dtaca le huirlisí oibríochtúla eile,

AG CUR I dTREIS gur cheart cothromaíocht a bhaint amach idir bearta coisctheacha agus bearta diansmachta chun dul i ngleic leis na bagairtí ar shlándáil inmheánach an Aontais a éiríonn as an gcoireacht idirnáisiúnta eagraithe thromchúiseach,

AG ADMHÁIL DI na buntáistí a thiocfadh dá ndéanfaí ionstraim bhuan de EMPACT i gcomhrac na coireachta tromchúisí eagraithe chun a inbhuaine agus a infheictheacht a mhéadú, chomh maith le cistiú, b'fhéidir, agus rannpháirtíocht geallsealbhóirí ábhartha a mhéadú, agus an nós imeachta dea-bhunaithe éifeachtúil atá bunaithe ar an timthriall ceithre bliana á urramú, lena n-áirítear pleanáil, cur chun feidhme, faireachán agus meastóireacht,

AG AITHINT DI an tairbhe a éiríonn as na MASPanna téamacha a bhaint agus MASP ginearálta amháin a ghlacadh chun na comhspriocanna cothrománacha straitéiseacha a shainiú chun an t-ualach riaracháin a laghdú agus comhsheasmhacht agus comhleanúnachas a neartú i measc pleananna gníomhaíochta oibríochtúla (OAPanna). AG TABHAIRT DÁ hAIRE nach mór roinnt gnéithe straitéiseacha ó na MASPanna téamacha a chur san áireamh sna OAPanna, agus luach oibríochtúil na OAPanna á choinneáil ag an am céanna,

AG ADMHÁIL na mbuntáistí a thiocfaidh as an aon ainm amháin, 'EMPACT', a chur in ionad an téarma 'Timthriall chomhrac na coireachta idirnáisiúnta tromchúisí eagraithe',

COMHAONTAÍONN SÍ AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH:

1. An t-aon ainm amháin 'EMPACT' (an tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla) a chur in ionad an téarma 'Timthriall Beartais an Aontais Eorpaigh do choireacht idirnáisiúnta eagraithe thromchúiseach';

2. EMPACT a chur chun feidhme mar ionstraim bhuan phríomha de chuid an Aontais le haghaidh comhar ildisciplíneach struchtúrtha chun an choireacht idirnáisiúnta eagraithe thromchúiseach a chomhrac, ionstraim a stiúrfadh na Ballstáit agus a gheobhadh tacaíocht ó institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais i gcomhréir lena sainorduithe faoi seach, a leanfadh timthriall ceithre bliana agus ina mbeadh ceithre chéim, mar atá:

*i)* Beartas a fhorbairt ar bhonn measúnú de chuid an Aontais Eorpaigh ar an mBagairt ón gCoireacht Thromchúiseach Eagraithe (EU SOCTA), a chaithfidh léargas iomlán críochnaitheach a chur ar fáil maidir leis na bagairtí coiriúla ag a mbíonn tionchar ar an Aontas Eorpach. Ós rud é go bhfuil cineál na coireachta ag athrú go tapa, ba cheart do Europol, i gcomhar leis na Ballstáit agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais, athbhreithniú meántéarma a ullmhú ar bhagairtí nua, bagairtí atá i mbun athraithe agus bagairtí atá ag teacht chun cinn, agus aird á tabhairt ar thosaíochtaí coireachta comhaontaithe an Aontais, trí thuarascáil eatramhach a ullmhú agus í a chur faoi bhráid na Comhairle.

*ii)* Beartais a cheapadh agus cinnteoireacht a shocrú de réir líon teoranta tosaíochtaí a shainaithneoidh an Chomhairle. Ina theanna sin, ní mór MASP lena ngabhann comhspriocanna cothrománacha straitéiseacha a fhorbairt chun cur chuige ildisciplíneach comhtháite lárnach a bhaint amach (lena gcumhdaítear bearta coisctheacha agus bearta diansmachta araon) chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na bagairtí dar tugadh tosaíocht. Féadfaidh spriocanna straitéiseacha breise, arna gcur in oiriúint do na riachtanais tosaíochta shonracha, a bheith sna OAPanna.

*iii)* OAPanna a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a fhaireachán, OAPanna nach mór a ailíniú leis na comhspriocanna cothrománacha straitéiseacha mar a cinneadh sa MASP ginearálta iad, chun aghaidh a thabhairt ar na bagairtí dar tugadh tosaíocht. Sa bhreis air sin, déanfaidh COSI dhá mheasúnú - measúnú meántéarma agus measúnú deiridh - ar thorthaí na ngníomhaíochtaí chun gnóthú na gcomhspriocanna cothrománacha straitéiseacha agus na spriocanna straitéiseacha breise, a chuimsítear sna OAPanna, a thomhas. Féadfaidh na tosaíochtaí agus na spriocanna straitéiseacha a athbhreithniú tar éis bagairtí nua, bagairtí atá i mbun athraithe agus bagairtí atá ag teacht chun cinn a athbhreithniú.

*iv)* Ag deireadh gach timthrialla de chuid EMPACT, déanfar meastóireacht neamhspleách chun an cur chun feidhme agus an toradh a bhí air a mheasúnú, agus tar a éis sin déanfar cinneadh beartais eolasach a fhónfaidh mar threoir don chéad timthriall eile de chuid EMPACT.

Mionsonraítear a thuilleadh creat oibríochtúil agus rialachais EMPACT i dTéarmaí Tagartha EMPACT, mar a d’fhormheas COSI.

TUGANN SÍ TREOIR DO COSI:

3. Dréachtchonclúidí ón gComhairle lena socraítear tosaíochtaí coireachta an Aontais a ullmhú bunaithe ar an doiciméad beartais comhairleach a dhréachtaigh an Uachtaránacht agus an Coimisiún bunaithe ar EU SOCTA, agus páipéir agus measúnuithe agus beartais straitéiseacha eile á gcur san áireamh.

4. An MASP ginearálta agus na OAPanna a ghlacadh agus comhordú agus faireachán a dhéanamh ar a gcur chun feidhme. Ba cheart aird faoi leith a thabhairt ar chur chun feidhme oibríochtúil agus ar an gcur chuige ildisciplíneach comhtháite lárnach i leith chomhrac na coireachta.

5. De réir mar is gá, na doiciméid ábhartha de chuid EMPACT, mar shampla, téarmaí tagartha EMPACT, teimpléad OAP nó liosta na ngníomhaithe ábhartha, a athbhreithniú.

6. Faireachán agus dícheall a dhéanamh chun a áirithiú go dtabharfar dóthain cistithe chun tacú go héifeachtach leis na gníomhaíochtaí a comhaontaíodh laistigh de EMPACT.

7. Bearta a bhreithniú chun cumarsáid, infheictheacht agus féiniúlacht EMPACT a neartú, lena n-áirítear trí thorthaí oibríochtúla a fhoilsiú agus a chur chun cinn (bileoga eolais san áireamh).

8. Treoir straitéiseach a chur ar fáil, bunaithe ar an sainmhíniú ón lá comhghníomhaíochta, maidir le pleanáil na laethanta comhghníomhaíochta a reáchtáiltear faoi chuimsiú EMPACT agus na torthaí a fhaireachán.

9. Dhá mheasúnú - measúnú meántéarma agus measúnú deiridh - a dhéanamh ar thorthaí na ngníomhaíochtaí chun gnóthú na spriocanna straitéiseacha a thomhas d'fhonn feabhas a chur ar an gcur chun feidhme oibríochtúil.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH

10. Leanúint go gníomhach le bheith ag cur le forbairt bhreise mhodheolaíocht SOCTA trí Ghrúpa Comhairleach SOCTA agus iarracht a dhéanamh feabhas leanúnach a chur ar sholáthar sonraí ardchaighdeáin mar chuid de bhailiú sonraí SOCTA.

11. Le cúnamh ó shaineolaithe ó ghníomhaireachtaí, institiúidí agus comhlachtaí ábhartha de chuid an Aontais, MASP Ginearálta lena ghabhann comhspriocanna cothrománacha straitéiseacha, chomh maith le OAP(anna) a cheapadh le haghaidh gach tosaíochta coireachta, ina sainmhínítear an cur chuige is oiriúnaí chun dul i ngleic leis na saincheisteanna a sainaithníodh.

12. Na gníomhaíochtaí ábhartha a forbraíodh laistigh de EMPACT a chomhtháthú ina bpleanáil náisiúnta agus na hacmhainní a leithdháileadh chun tacú le cur chuige comhchoiteann ar fud an Aontais.

13. Tacú go gníomhach le gach ceann de na céimeanna a chuimsítear in EMPACT, go háirithe trí ról chomhordaithe straitéiseach an tiománaí nó an chomhthiománaí agus ról chomhordaithe réamhghníomhach an cheannaire gníomhaíochta nó an chomhcheannaire gníomhaíochta a ghlacadh orthu féin agus trí thacaíocht a thabhairt do shaineolaithe agus do Chomhordaitheoirí Náisiúnta EMPACT maidir lena gcúraimí a chomhlíonadh, in iarracht chomhpháirteach cur chuige ildisciplíneach a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta agus comhordú éifeachtach náisiúnta a bhunú.

14. Cuidiú le múscailt feasachta faoi EMPACT, go háirithe ar an leibhéal náisiúnta agus iad féin a thiomnú go gníomhach do chur chun feidhme na OAPanna.

15. Leas a bhaint as na deiseanna cistiúcháin uile atá ar fáil do na gníomhaithe uile atá rannpháirteach chun a áirithiú go gcuirfear cistiú ar fáil go tráthúil ionas go bhféadfar tús a chur le gníomhaíochtaí oibríochtúla ag céim luath.

16. Cumarsáid, infheictheacht agus féiniúlacht EMPACT agus na OAPanna a neartú agus rannchuidiú leo, lena n-áirítear trí thorthaí oibríochtúla a fhoilsiú agus a chur chun cinn (bileoga eolais san áireamh).

17. Rannpháirtíocht ghníomhach na ngeallsealbhóirí uile a chothú.

18. Iarraidh ar líonraí ábhartha de chuid an Aontais gealltanas a thabhairt tacú leis an ionstraim EMPACT agus le cur chun feidhme na OAPanna agus iad a neartú freisin.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH

19. Le cúnamh ó shaineolaithe ó ghníomhaireachtaí, institiúidí agus comhlachtaí ábhartha de chuid an Aontais, tacú leis na Ballstáit MASP Ginearálta lena ghabhann comhspriocanna cothrománacha straitéiseacha, chomh maith le OAP(anna) a cheapadh le haghaidh gach tosaíochta coireachta ina sainmhínítear an cur chuige is oiriúnaí chun dul i ngleic leis na saincheisteanna a sainaithníodh.

20. Breithniú ar an bhféidearthacht feabhas a chur ar mhaoiniú chur chun feidhme OAPanna agus ghníomhaíochtaí eile EMPACT.

21. An ionstraim EMPACT a chomhtháthú agus a chur in iúl, nuair is ábhartha, le beartais ábhartha slándála an Aontais, agus le cláir fothaithe acmhainneachta.

22. Iarraidh ar líonraí ábhartha de chuid an Aontais a fhaigheann maoiniú ón gCoimisiún gealltanas a thabhairt tacú leis an ionstraim EMPACT agus le cur chun feidhme na OAPanna agus iad a neartú freisin.

23. Agus an taithí a fuarthas roimhe seo á cur san áireamh, meastóireacht neamhspleách á dhéanamh i gcomhairle leis na Ballstáit agus le gníomhaireachtaí an Aontais in COSI, chun cur chun feidhme EMPACT a mheas agus torthaí na meastóireachta sin a tharchur chuig an gComhairle.

IARRANN SÍ AR AN TSEIRBHÍS EORPACH GNÍOMHAÍOCHTA EACHTRAÍ AGUS AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH:

24. Feasacht ar EMPACT a chur chun cinn in idirphlé slándála an Aontais le tríú tíortha, agus i misin agus oibríochtaí an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (CBSC).

25. Rannpháirtíocht tríú tíortha i gcur chun feidhme oibríochtúil EMPACT a éascú, nuair is iomchuí de réir na mbagairtí agus na riachtanas a shainaithnítear, trí thoscaireachtaí an Aontais, saineolaithe frithsceimhlitheoireachta/slándála an Aontais agus Oifigigh Eorpacha Idirchaidrimh Imirce.

IARRANN SÍ AR GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

26. Measúnú an Aontais Eorpaigh ar an mBagairt ón gCoireacht Thromchúiseach Eagraithe a chur i dtoll a chéile i gcomhar le Europol, a fheidhmeoidh mar cheannaire, agus i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus le gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais, a chaithfidh léargas iomlán críochnaitheach a chur ar fáil maidir leis na bagairtí coiriúla ag a mbeidh tionchar ar an Aontas Eorpach.

27. Tacaíocht a thabhairt do shaineolaithe na mBallstát agus do shaineolaithe institiúidí an Aontais chun an MASP ginearálta agus na OAPanna a fhorbairt maidir leis na tosaíochtaí coireachta i gcomhréir leis an sainordú atá acu.

28. Tacaíocht mhodheolaíoch, anailíseach agus riaracháin a chur ar fáil faoi scáth Europol, do dhréachtú an MASP ginearálta agus na OAPanna lena n-áirítear Spriocanna SMART agus Príomhtháscairí Feidhmíochta.

29. I gcomhréir lena sainordú faoi seach, leanúint de thacaíocht oibríochtúil agus anailíseach a sholáthar do ghníomhaíochtaí oibríochtúla, lena n-áirítear sonraí pearsanta a bhaineann leis an gcoireacht a phróiseáil, mar aon le tacaíocht shonrach a sholáthar do thuairisciú agus faireachán ar chur chun feidhme na OAPanna.

30. Gealltanas a thabhairt ina gcláir oibre bhliantúla go gcuirfidh siad na gníomhaíochtaí a ceapadh faoi EMPACT chun feidhme.

31. Tuarascáil eatramhach ar bhagairtí atá i mbun athraithe agus bagairtí atá ag teacht chun cinn a chur i dtoll a chéile i gcomhar le Europol, a fheidhmeoidh mar cheannaire, agus i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus le gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais, agus aird á tabhairt ag an am céanna ar thosaíochtaí coireachta an Aontais agus EU SOCTA, ar bhonn na gceanglas a d'fhormhuinigh COSI (agus na moltaí ón meastóireacht neamhspleách á gcur san áireamh) agus i ndlúthchomhar leis na saineolaithe ábhartha[10].

---

[10] Ba cheart an tuarascáil eatramhach a bheith ar fáil sa dara ceathrú den dara bliain de timthriall EMPACT, agus EU SOCTA a bheith ar fáil sa chéad cheathrú den bhliain deiridh den timthriall mar a leagtar amach in amlíne EMPACT.

32. Rannchuidiú le leagan amach na ndeiseanna cistiúcháin éagsúla chun tacú go héifeachtach leis na gníomhaíochtaí a comhaontaíodh laistigh de EMPACT agus an oiread solúbthachta agus is féidir a áirithiú laistigh de theorainneacha na rialacha airgeadais (agus rannchuidiú le nuashonrú an phacáiste faisnéise maidir le deiseanna cistiúcháin a ullmhaíodh i gcomhar leis an gCoimisiún, le SEGS agus le gníomhaithe ábhartha eile).

33. Pacáistí oiliúna a chur ar fáil agus bearta múscailte feasachta eile a fhiosrú.

34. Feasacht agus infheictheacht EMPACT a chur chun cinn go gníomhach i ngach cumarsáid maidir le gníomhaíochtaí, oibríochtaí agus torthaí a bhaineann le EMPACT nó a mhaoinítear le EMPACT, go háirithe trí lógó EMPACT a úsáid go córasach, chomh maith leis an haischlib #EMPACT i gcás inarb iomchuí.

35. Cuidiú le dea-chleachtas a mhalartú agus taithí a chomhroinnt.